Lucsamburg, an 03/07/2019

TAG.:	**CDT-AST4-2019/04**
	FORBRÓIR SINSEARACH MICROSOFT.NET-ANGULAR
GRÁD:	AST 4
ROINN:	AN ROINN TEICNEOLAÍOCHTA FAISNÉISE
ÁIT FOSTAÍOCHTA:	LUCSAMBURG

Bunaíodh Ionad Aistriúcháin Chomhlachtaí an Aontais Eorpaigh i 1994 chun seirbhísí aistriúcháin a chur ar fáil do chomhlachtaí an Aontais Eorpaigh. Tá sé lonnaithe i Lucsamburg. Tá méadú mór tagtha ar ualach oibre an Ionaid ó bunaíodh é, agus tá thart ar 200 duine ag obair ann faoi láthair.

Chun freastal ar riachtanais na Roinne Teicneolaíochta Faisnéise, sa Rannóg Forbartha go háirithe, tá nós imeachta roghnúcháin á eagrú ag an Ionad Aistriúcháin chun liosta ionadaithe a bhunú óna n-earcófar baill foirne shealadacha mar chúntóirí.

Thart ar 40 duine atá ag obair sa Roinn Teicneolaíochta Faisnéise. 16 dhuine atá ag obair sa Rannóg Forbartha. Déanann an Rannóg na feidhmchláir inmheánacha atá riachtanach d'fheidhmiú cuí an Ionaid a dhearadh, a chruthú agus a chothabháil. Glacadh cinneadh sa Rannóg in 2013 na céimeanna forbartha a eagrú trí chur chuige aclaí a ghlacadh agus modheolaíocht chlibirte a chur chun feidhme bunaithe ar an táirge Team Foundation Server de chuid Microsoft.

Ina theannta sin, déanann an Rannóg bainistíocht ar na réitigh agus ar na seirbhísí teicneolaíochta seachtracha arna gcur ar fáil ag soláthraithe seachtracha, mar shampla iad siúd arna gcur ar fáil ag institiúidí nó ag cuideachtaí príobháideacha, agus cuireann an Rannóg leis an taighde orthu sin agus lena gcomhtháthú agus lena gcur chun feidhme i dtimpeallacht teicneolaíochta an Ionaid.

CINEÁL NA GCÚRAIMÍ

a) Cabhrú leis an oifigeach uachtarach: cabhrú le bainisteoir na Rannóige sna réimsí freagrachta a bhaineann leis an bhforbairt teicneolaíochta faisnéise, agus meas a thabhairt ar na nósanna imeachta riaracháin atá i bhfeidhm; teagmhálacha a choinneáil idir an Rannóg agus seirbhísí eile san Ionad agus idir an Rannóg agus gníomhairí, comhlachtaí agus daoine aonair seachtracha; cúnamh a thabhairt do choistí éagsúla agus/nó do ghrúpaí oibre ina bhfuil an Rannóg rannpháirteach agus doiciméid a eascraíonn astu a dhréachtú; páirt a ghlacadh i ndáil le gach doiciméad eile a dhréachtú atá úsáideach don Rannóg agus réimsí a mholadh le haghaidh feabhsúcháin d'fhonn obair leantach éifeachtach riaracháin agus leanúnachas i dtionscadail éagsúla na Rannóige a chinntiú.

b) Gníomhaíochtaí forbartha agus tacaíochta:

- Forbairtí: tabhairt faoi na staidéir agus an anailís is gá chun feidhmchlár a fhorbairt, cásbhainistiú, cruinnithe a eagrú leis na daoine a bhaineann leis an réimse feidhme, ansin na forbairtí a dhéanamh, cuntas a choinneáil ar na trialacha, táirgí a bhailíochtú le húsáideoirí, an táirgeadh a chur ar bun chun go mbeifear in ann leas a bhaint as feidhmchláir iontaofa atá curtha in oiriúint do riachtanais an Ionaid;

- Deasc chabhrach d'úsáideoirí: tacaíocht dara leibhéal d'úsáideoirí a chur ar fáil chun cabhrú le soláthar tacaíochta ardchaighdeáin d'úsáideoirí;

c) Gníomhaíochtaí tacaíochta eile: feidhmeanna éagsúla a chur i gcrích, amhail táirgí a fháil agus a sheiceáil de réir na riachtanas a chuir an tIonad in iúl; nósanna imeachta a mholadh agus na nósanna imeachta a sainaithníodh sa Rannóg cheana féin a fhorbairt agus a chur chun feidhme; na hidirghabhálacha riachtanacha a chur i gcrích ar bhonn na gcritéar a comhaontaíodh nó a bunaíodh; cumarsáid a éascú idir na rannóga éagsúla; dul i dteagmháil le cliaint, le soláthraithe agus le comhpháirtithe seachtracha.

1. CRITÉIR ROGHNÚCHÁIN

Le bheith incháilithe chun páirt a ghlacadh sa nós imeachta roghnúcháin seo, ní mór don iarratasóir na ceanglais seo a leanas a chomhlíonadh faoin **31/07/2019**, an dáta deiridh le hiarratais a chur isteach:

a) CRITÉIR INCHÁILITHEACHTA

- Ní mór don iarrthóir a bheith ina náisiúnach de Bhallstát den Aontas Eorpach;
- Cáilíochtaí: tá cáilíocht ardoideachais i réimse na teicneolaíochta faisnéise riachtanach, fianaithe le dioplóma;

  nó

  leibhéal d'oideachas meánscoile fianaithe ag dioplóma a thugann rochtain ar oideachas iar-mheánscoile, agus ina dhiaidh sin trí bliana ar a laghad de thaithí ghairmiúil.
- Taithí ghairmiúil: ní mór **taithí ghairmiúil lánaimseartha naoi mbliana ar a laghad, i réimse na teicneolaíochta faisnéise agus sna freagrachtaí atá sonraithe faoi "Cineál na gCúraimí"**, a bheith ag an iarrthóir tar éis dó/di na cáilíochtaí agus an taithí ghairmiúil thuasluaite a bhaint amach;
- Scileanna teanga: eolas críochnúil ar cheann de theangacha oifigiúla an Aontais Eorpaigh agus eolas sásúil ar theanga oifigiúil eile den Aontas Eorpach, a mhéad is gá chun na dualgais a chomhlíonadh.

b) SCILEANNA TEICNIÚLA RIACHTANACHA

- Ní mór taithí ghairmiúil chruthaithe lánaimseartha 2 bhliain ar a laghad sna réimsí teicniúla atá sonraithe thíos a bheith faighte ag na hiarratasóirí mar chuid de na cáilíochtaí agus den taithí ghairmiúil thuasluaite:
  - Forbairt feidhmchláir C# .Net-Angular;
  - Forbairt seirbhísí SOAP agus REST;
  - Úsáid aon ORM amháin ar a laghad;
  - Iarratais SQL a scríobh.

- Eolas an-mhaith ar an mBéarla [leibhéal C1];
- Eolas sásúil ar an bhFraincis [leibhéal A2];

c) SCILEANNA TEICNIÚLA INMHIANAITHE:

- Scileanna in TypeScript;
- Scileanna in Angular 2+;
- Scileanna in JavaScript/JQuery;
- Scileanna in úsáid BreezeJS;
- Scileanna in úsáid comhpháirteanna Telerik Kendo UI do Angular;
- Scileanna in nHibernate;
- Scileanna in Oracle-PL/SQL;
- Scileanna in SqlServer;
- Eolas ar SDL WorldServer / SDL Studio;
- Eolas ar shreabhadh oibre an aistriúcháin a bhainistiú;
- Eolas ar mhodheolaíocht chlibirte;
- Eolas ar TFS agus ar bhainistiú Build and Release;
- Eolas ar choincheapa sreafa oibre;
- Eolas ar thríú teanga oifigiúil den Aontas Eorpach;

d) SCILEANNA NEAMHTHEICNIÚLA RIACHTANACHA

- Cumarsáid scríofa agus béil: scileanna dréachtaithe, an cumas chun achoimriú agus chun cumarsáid a dhéanamh sna teangacha iasachta ábhartha.
- Scileanna idirphearsanta: an cumas a bheith ag obair i bhfoireann, sásta le cumarsáid a dhéanamh ag gach leibhéal (go hinmheánach agus go seachtrach), an cumas a bheith ag obair i dtimpeallacht ilteangach;
- Braistint freagrachta: discréid, rúndacht, cruinneas, infhaighteacht, éifeachtúlacht agus poncúlacht.
- Scileanna eagrúcháin: an cumas chun tascanna éagsúla a bhainistiú agus tosaíochtaí a leagan amach, cur chuige modheolaíoch, tionscnamh a ghlacadh, agus a bheith ilchumasach.
- Inoiriúnaitheacht: an cumas cabhrú le daoine eile agus oibriú faoi bhrú, an cumas foghlaim agus oiriúnú d'fhorbairtí nua sa timpeallacht TF.

Déanfar na scileanna sin a mheas i dtriail scríofa nó in agallamh (pointe 2(b) (i) agus (ii)).

2. AN NÓS IMEACHTA ROGHNÚCHÁIN

a) AN CHÉIM RÉAMHROGHNÚCHÁIN:

Beidh an chéim réamhroghnúcháin ina dá chuid:

- Beidh an chéad chuid bunaithe ar na "critéir incháilitheachta" thuasluaite [pointe 1(a)] agus is é an aidhm atá léi a dhearbhú cé acu an gcomhlíonann nó nach gcomhlíonann an t-iarratasóir na critéir incháilitheachta riachtanacha go léir agus na ceanglais fhoirmiúla go léir atá leagtha síos sa nós imeachta iarratais. Diúltófar d'iarratasóirí nach gcomhlíonann na riachtanais sin.
- Cuirfear taithí ghairmiúil agus na gnéithe eile atá luaite i bpointe 1(b) ('Scileanna teicniúla riachtanacha') san áireamh sa dara cuid.Déanfar an chuid seo a mharcáil ar scála ó 0 go 20 (pasmharc: 10).

Tabharfaidh an Coiste Roghnóireachta cuireadh do na **15 iarratasóir** a n-éiríonn leo sa chéim réamhroghnúcháin agus a ghnóthaíonn na marcanna is airde chun tabhairt faoi thriail scríofa agus chun dul faoi agallamh.

b) AN CHÉIM ROGHNÚCHÁIN:

Déanfar an chéim roghnúcháin de réir an nós imeachta a ndéantar cur síos air thíos. Dhá thriail ar ríomhaire a bheidh ann:

(i) Triail scríofa (i mBéarla nó i bhFraincis) ina mbeidh na nithe seo a leanas:

- Triail ceisteanna ilroghnacha (16 cheist) chun measúnú a dhéanamh ar scileanna na n-iarratasóirí sna réimsí atá luaite i bpointe 1(b) agus 1(c)

An t-am a cheadaítear: 30 nóiméad

- Cás-staidéar chun measúnú a dhéanamh ar scileanna na n-iarratasóirí sna gníomhaíochtaí a bhaineann le forbairt feidhmchlár sna réimsí atá luaite i bpointe 1(b) agus 1(c)

An t-am a cheadaítear: 1 uair 30 nóiméad

Déanfar an triail scríofa a mharcáil as 20 marc: Bronnfar 8 bpointe as an triail ceisteanna ilroghnacha agus bronnfar 12 phointe as an gcás-staidéar. Is ionann an pasmharc comhiomlán agus 12 phointe.

Féadfaidh na hiarratasóirí an triail scríofa a dhéanamh sa Bhéarla nó sa Fhraincis. Tabhair faoi deara nach mór d'iarratasóirí a bhfuil an Fhraincis mar phríomhtheanga acu an triail scríofa a dhéanamh i mBéarla agus nach mór dóibh siúd a bhfuil an Béarla mar phríomhtheanga acu an Fhraincis a roghnú.

(ii) Is é is aidhm leis an agallamh leis an gCoiste Roghnóireachta measúnú a dhéanamh ar oiriúnacht na n-iarratasóirí chun na cúraimí atá sonraithe thuas a chur i gcrích. Ina theannta sin, déanfar measúnú mionsonraithe san agallamh ar shaineolas na n-iarratasóirí agus ar a scileanna sna réimsí atá leagtha amach i bpointí 1(b), 1(c) agus 1(d).
D'fhéadfaí an t-agallamh a reáchtáil ar an lá a dhéantar an triail scríofa nó sna laethanta tar a éis sin.

A t-am a cheadaítear: 40 nóiméad.

Déanfar an t-agallamh a mharcáil as 20 (pasmharc: 12).

Is i Lucsamburg a reáchtálfar na trialacha.

A luaithe is atá an triail scríofa agus an t-agallamh marcáilte, dréachtóidh an Coiste Roghnóireachta liosta ionadaithe a chuimseoidh na hiarratasóirí rathúla in ord aibítre. Is iad na hiarratasóirí rathúla na hiarratasóirí sin a ghnóthaíonn an pasmharc comhiomlán íosta atá ag teastáil sa triail scríofa mar aon leis an bpasmharc íosta atá ag teastáil san agallamh [féach pointí (i) agus (ii)]. Ba chóir d'iarratasóirí a thabhairt dá n-aire nach ionann cur san áireamh ar liosta ionadaithe agus ráthaíocht earcaíochta.

Maidir leis na hiarratasóirí sin a dtugtar cuireadh dóibh an triail scríofa agus an t-agallamh a dhéanamh, ní mór dóibh na doiciméid tacaíochta ábhartha a chomhfhreagraíonn don fhaisnéis a cuireadh ar an bhfoirm iarratais a sholáthar ar lá an agallaimh. Áirítear leis na doiciméid sin cóipeanna de dhioplómaí, teastais agus doiciméid tacaíochta eile ina gcruthaítear a dtaithí ghairmiúil agus ina dtaispeántar go soiléir dátaí tosaigh agus dátaí deiridh, an post agus cineál beacht a ndualgas, srl.

Mar sin féin, sula bhféadfar conradh a thabhairt i gcrích, beidh ar na hiarratasóirí roghnaithe na bunchóipeanna agus cóipeanna deimhnithe de gach doiciméad ábhartha ina gcruthaítear critéir incháilitheachta a chur ar fáil.

Beidh an liosta ionadaithe bailí go ceann 12 mhí ó dháta a bhunaithe agus féadfar an tréimhse sin a shíneadh faoi rogha Údarás an Ionaid Aistriúcháin atá cumhachtaithe chun conarthaí fostaíochta a thabhairt i gcrích.

3. EARCAÍOCHT

Ag brath ar an staid bhuiséadach, féadfar conradh sealadach trí bliana a thairiscint d'aon iarrthóir roghnaithe, a fhéadfar a athnuachan uair amháin go ceann tréimhse bliana, i gcomhréir le Coinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh Eile an Aontais Eorpaigh. Measfar gur post buan an fheidhm. Dá bhrí sin, tairgfear

don iarrthóir a n-éireoidh leis nó léi an deis a bheith ceaptha mar oifigeach más rud é go n-éireoidh leis nó léi sa chomórtas. Faoi réir leibhéal rúndachta na hoibre a dhéanfar, d'fhéadfaí go gcuirfí ceangal ar an iarratasóir rathúil iarratas ar imréiteach slándála a dhéanamh.

Is san Fheidhmghrúpa AST, grád 4, a dhéanfar an t-iarratasóir rathúil a earcú. Is ionann an buntuarastal míosúil (céim 1) agus EUR 4 231.23. Mar aon leis an tuarastal bunúsach, d'fhéadfadh baill foirne a bheith i dteideal liúntas éagsúil, mar shampla liúntas teaghlaigh, liúntas easaoránachta (16% den bhuntuarastal), srl.

Lena chois sin, le bheith incháilithe agus sula gceapfar é/í, ní mór don iarratasóir roghnaithe:

- aon oibleagáidí a fhorchuirtear air/uirthi leis an dlí a bhaineann le seirbhís mhíleata a bheith comhlíonta aige/aici;
- na riachtanais charachtair le haghaidh na gcúraimí atá i gceist a chomhlíonadh (cearta iomlána mar shaoránach a bheith aige/aici)[1];
- dul faoi scrúdú dochtúra arna eagrú ag an Ionad Aistriúcháin chun ceanglais Airteagal 28(e) de Rialacháin Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh a chomhlíonadh.

4. AN NÓS IMEACHTA IARRATAIS :

Ní mór d'iarratasóirí ar spéis leo an post seo a n-iarratas ar líne a chomhlánú sula rachaidh an dáta deiridh in éag. Moltar go mór d'iarratasóirí gan fanacht go dtí na laethanta deiridh chun iarratas a dhéanamh. Tarlaíonn sé in amanna gur rólódáilte atá an córas sna laethanta roimh an dáta deiridh le hiarratais a chur isteach. Dá bhrí sin, d'fhéadfadh deacrachtaí a bheith ann iarratas a dhéanamh faoin spriocdháta.

COMHDHEISEANNA

Is fostóir comhdheiseanna é an tIonad Aistriúcháin, a ghlacann le hiarratais gan aon idirdhealú atá bunaithe ar aois, cine, tuairim dhaingean pholaitiúil, fhealsúnachta nó chreidimh, inscne nó claonadh gnéasach agus beag beann ar mhíchumas, stádas pósta nó stádas teaghlaigh.

NEAMHSPLEÁCHAS AGUS DEARBHÚ LEASA

Ceanglófar ar an sealbhóir poist dearbhú a thabhairt ar an tiomantas atá aige/aici do ghníomhú go neamhspleách le leas an phobail agus dearbhú a thabhairt maidir le haon leasanna atá aige/aici a d'fhéadfaí a mheas a bheith dochrach dá neamhspleáchas.

5. FAISNÉIS GHINEARÁLTA

ATHBHREITHNIÚ – ACHOMHARC – GEARÁIN

I gcás iarratasóirí atá den tuairim go bhfuil forais acu le gearán a dhéanamh faoi chinneadh ar leith, féadfaidh siad, ag céim ar bith den nós imeachta roghnúcháin, iarraidh ar Chathaoirleach an Choiste Roghnóireachta tuilleadh sonraí a thabhairt dó/di faoin gcinneadh sin, nós imeachta achomhairc a thionscnamh nó gearán a chur faoi bhráid an Ombudsman Eorpaigh (féach Iarscríbhinn 1).

[1] Ní mór d'iarratasóirí deimhniú oifigiúil a chur ar fáil ina ndearbhaítear nach bhfuil taifead coiriúil acu.

IARRATAIS Ó IARRATASÓIRÍ AR ROCHTAIN A FHÁIL AR FHAISNÉIS A BHAINEANN LEO

Tá an ceart sonrach ag iarratasóirí atá páirteach i nós imeachta roghnúcháin rochtain a fháil ar fhaisnéis áirithe a bhaineann leo go díreach agus go leithleach. D'fhéadfaí faisnéis bhreise a bhaineann lena rannpháirtíocht sa nós imeachta roghnúcháin a sholáthar d'iarratasóirí a dhéanann an iarraidh sin. Ní mór d'iarratasóirí iarratais den chineál sin a sheoladh i scríbhinn chuig Cathaoirleach an Choiste Roghnóireachta laistigh de mhí amháin ó cuireadh a gcuid torthaí sa nós imeachta roghnúcháin in iúl dóibh. Seolfar an freagra laistigh de mhí amháin. Déileálfar le hiarrataí agus aird á tabhairt ar an rúndacht a bhaineann le himeachtaí an Choiste Roghnóireachta faoi na Rialacháin Foirne.

SONRAÍ PEARSANTA A CHOSAINT

Mar an comhlacht atá freagrach as an nós imeachta roghnúcháin a eagrú, áiritheoidh an tIonad Aistriúcháin go ndéanfar sonraí pearsanta na n-iarratasóirí a phróiseáil go hiomlán de réir mar a cheanglaítear le Rialachán (CE) Uimh. 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine aonair a chosaint i dtaca le próiseáil sonraí pearsanta ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus i dtaca le saorghluaiseacht sonraí den chineál sin agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1247/2002/CE. Baineann sé sin go háirithe le rúndacht agus slándáil na sonraí sin.

Tá sé de cheart ag iarrthóirí dul i muinín an Mhaoirseora Eorpaigh ar Chosaint Sonraí (edps@edps.europa.eu) am ar bith.

Féach le do thoil an fógra príobháideachta sonrach.

IARSCRÍBHINN 1 ***IARRATAS AR ATHBHREITHNIÚ – NÓSANNA IMEACHTA ACHOMHAIRC – GEARÁIN LEIS AN OMBUDSMAN EORPACH***

Ós rud é go bhfuil feidhm ag na Rialacháin Foirne maidir le nósanna imeachta roghnúcháin, tabhair do d'aire go bhfuil na himeachtaí uile faoi rún. Más rud é ag aon chéim den nós imeachta roghnúcháin seo go measann iarratasóirí go raibh dochar déanta dá gcuid leasanna ag cinneadh ar leith, féadfaidh siad an gníomh seo a leanas a dhéanamh:

I. IARRATAIS AR THUILLEADH FAISNÉISE NÓ AR ATHBHREITHNIÚ

- Litir ina n-iarrtar tuilleadh faisnéise nó athbhreithniú agus ina leagtar a n-argóint amach a sheoladh chuig:

  Cathaoirleach an Choiste Roghnóireachta CDT-AST4-2019/04

  Oifig 3076
  An tIonad Aistriúcháin
  12E, rue Guillaume Kroll
  L-1882 Lucsamburg

  Iaistigh de 10 lá féilire ón dáta a seoladh an litir ina gcuireadh an cinneadh in iúl dóibh. Seolfaidh an Coiste Roghnóireachta freagra a luaithe is féidir.

II. NÓSANNA IMEACHTA ACHOMHAIRC

- Féadfar gearán a dhéanamh faoi Airteagal 90(2) de Rialacháin Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh, ag an seoladh seo a leanas:

  An tÚdarás atá Cumhachtaithe chun Conarthaí Fostaíochta a Thabhairt i gCrích (Tag.: CDT-AST4-2019/04)

  Oifig 3076
  An tIonad Aistriúcháin
  12E, rue Guillaume Kroll
  L-1882 Lucsamburg

  Na teorainneacha ama chun an dá chineál seo de nós imeachta a thionscnamh (féach na Rialacháin Foirne arna leasú le Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 1023/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 287 an 29.10.2013, lch. 15) - http://eur-lex.europa.eu/oj/direct-access.html?locale=fr],tosaíonn siad ón uair a thugtar fógra don iarratasóir faoin ngníomh a líomhnaítear go ndearna sé dochar dá leasanna.

  Tabhair do d'aire le do thoil nach bhfuil sé de chumhacht ag an Údarás atá cumhachtaithe chun conarthaí fostaíochta a thabhairt i gcrích aon chinneadh ón gCoiste Roghnóireachta a leasú. Tá Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh go seasmhach den tuairim nach bhfuil rogha leathan na gCoistí Roghnóireachta faoi réir athbhreithnithe ag an gCúirt, ach amháin sa chás gur sáraíodh go soiléir na rialacha lena rialaítear imeachtaí na gCoistí Roghnóireachta.

III. GEARÁIN LEIS AN OMBUDSMAN EORPACH

- Féadfaidh iarratasóirí gearán a dhéanamh leis an duine seo a leanas:

  An tOmbudsman Eorpach

  1, avenue du Président Robert Schuman – BP 403

  F-67001 Strasbourg Cedex

de bhun Airteagal 228(1) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh agus de réir na gcoinníollacha a leagtar síos i gCinneadh 94/262/ECSC, CE, Euratom ó Pharlaimint na hEorpa an 9 Márta 1994 maidir leis na rialacháin agus na coinníollacha ginearálta lena rialaítear comhlíonadh dhualgais an Ombudsman (IO L 113, 4.5.1994, lch. 15).

Tabhair do d'aire le do thoil nach bhfuil aon éifeacht fionraíochta ag gearáin a dhéantar leis an Ombudsman ar an tréimhse a leagtar síos in Airteagail 90(2) agus 91 de na Rialacháin Foirne maidir le gearán a dhéanamh le Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh ná maidir le hachomhairc a chur faoi bhráid an Bhinse sin faoi Airteagal 270 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh. Tabhair do d'aire freisin le do thoil nach mór go ndearnadh na cineálacha cur chuige cuí leis na hinstitiúidí agus na comhlachtaí lena mbaineann sula ndéantar gearán ar bith leis an Ombudsman de réir Airteagal 2(4) de Chinneadh 94/262/ECSC, CE, Euratom ó Pharlaimint na hEorpa an 9 Márta 1994 maidir leis na rialacháin agus na coinníollacha ginearálta lena rialaítear comhlíonadh dhualgais an Ombudsman.